

COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ

SCÉIM LEITHDHÁILTE TITHÍOCHTA SÓISIALTA

De Réir Alt 22 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 agus Rialacháin maidir le Leithdháileadh Tithíochta Sóisialta, 2011 (Uimh. IR 198 de 2011) arna leasú

1 Cuspóir na Scéime

- 1.1 Úsáidfidh Comhairle Contae Chiarraí (dá dtagraítear an Chomhairle ina dhiaidh seo) an Scéim Leithdháilte Tithíochta Sóisialta, déanta de bhun Alt 22 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 agus Rialacháin maidir le Leithdháileadh Tithíochta Sóisialta, 2011 (IR Uimh. 198 de 2011) arna leasú, mar bhealach chun cinneadh a dhéanamh faoin ord tosaíochta a bheith luaithe le teaghaisí a ligean ar cíós do na daoine seo a leanas:-
- (a) daoine a mheastar atá cáilithe le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta de réir Alt 20 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 (agus rialacháin ghaolmhara)
 - (b) daoine atá ag aistriú ó theaghais, lena n-áirítear teaghais atá curtha ar fáil faoin Tionscnamh Léasaithe Tithíochta Sóisialta, an Scéim Cóiríochta Cíos nó an Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta agus, lena n-áirítear aistrithe chuig teaghaisí nua atá á gceannach faoi Scéim Ceannaigh Incrimintigh.
- 1.2 Tá feidhm leis an Scéim Leithdháilte seo i ndáil le:-
- (a) Teaghaisí a chuirtear ar fáil faoi Acht na dTithe, 1966 - 2014 nó Cuid V d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000:-
 - a) Arb é an Chomhairle úinéir na dteaghaisí, nó
 - b) Nach é an Chomhairle an t-úinéir agus atá á soláthar faoi chonradh nó léas idir an Chomhairle agus an t-úinéir lena mbaineann, lena n-áirítear Comhaontuithe Infhaighteachta Cóiríochta Cíos
- agus
- c) teaghaisí faoi úinéireacht agus á soláthar ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBanna) a dtugtar cúnaimh dóibh faoi Alt 6 d'Acht na dTithe, 1992, chun críocha a leithéid sin de sholáthar.

2 An Modh ar a bhfuil na Teaghaisí Leithdháilte

Tabharfaidh an modh ina mbeidh teaghaisí, nó catagóirí difriúla teaghaisí, á leithdháileadh ag an gComhairle, ar theaghlaigh dá dtagraítear dóibh in Alt 22(3) d'Acht 2009, nó ar aicmí difriúla teaghlach, aird ar an ord tosaíochta atá sonraithe in Alt 3.

3 An tOrd Tosaíochta

3.1 Nuair a bhíonn aon leithdháileadh á dhéanamh, beidh feidhm leis na tosaíochtaí seo a leanas san ord atá sonraithe thíos:-

- a) Iarratasóirí atá ina gcónaí i dteaghaisí a mheastar atá dainséarach mar a mhínítear in Alt 3 d'Acht Seirbhísí Sláintíochta, 1964 **nó** atá á n-easáitiú ag oibríocht de chuid na Comhairle
- b) Iarratasóirí atá ina gcónaí i gcoinníollacha neamhoiriúnacha **agus** róphlódaithe mar a mhínítear in Alt 66 agus in Alt 63 faoi seach d'Acht na dTithe, 1966
- c) Iarratasóirí atá ina gcónaí i gcoinníollacha neamhoiriúnacha mar a mhínítear in Alt 66 d'Acht na dTithe, 1966.
- d) Iarratasóirí a bhfuil riachtanas tithíochta acu bunaithe ar mhíchumas, forais eisceachtúla leighis, forais atruacha nó forais chosúla eile
- e) Iarratasóirí atá scothaosta
- f) Iarratasóirí atá ina gcónaí i gcoinníollacha róphlódaithe mar a mhínítear in Alt 63 d'Acht na dTithe, 1966.
- g) Iarratasóirí ar daoine den Lucht Siúil iad
- h) Iarratasóirí nach bhfuil san áireamh in aon chatagóir thuasluaite, ach atá measta agus ceadaithe chun Tacaíocht Tithíochta Sóisialta a fháil

3.2 Cé go ndéanfar leithdháiltí de réir an ordaithe tosaíochta thuasluaite, sa chás go mbaineann roinnt iarratasóirí leis an gcatagóir chéanna, tabharfar aird ar an méid ama atá caite ó chinn an Chomhairle gur cháiligh an t-iarratasóir mar iarratasóir cáilithe le haghaidh tithíochta.

3.3 Cé go dtugtar tús áite bunaithe ar fhorais leighis eisceachtúla, ní mór go mbeadh tinneas nó riocht míochaine tromchúisí ag iarratasóir a mbeadh leithdháileadh tacaíocht tithíochta sóisialta mar bhonn le staid leighis an duine sin a fheabhsú. Gheobhaidh an Chomhairle agus tabharfaidh sí aird ar an bhfaisnéis atá curtha ar fáil ag Gairmí Cúraim Sláinte mar atá sonraithe in HMD - Foirm1, atá le cur ar fáil i dteannta le hiarratas ar thithíocht shóisialta bunaithe ar mhíchumas nó forais leighis, nuair a bhíonn teaghaisí á ligean ar cíos, má tá tosaíocht á héileamh go hiomlán nó i bpáirt bunaithe ar fhorais leighis.

- 3.4 Chomh maith leis sin, breithneofar an leibhéal éilimh ó na catagóirí éagsúla de riachtanas tithíochta a mheas agus tabharfar tosaíocht ar leith do chatagóir na dteaghlach ina bhfuil duine aonair.
- 3.5 Féadfaidh an Chomhairle, nuair a bhíonn téarmaí na Scéime seo á gcur i bhfeidhm i ndáil le himthosca aon iarratasóra, má bhreithníonn sí gur cuí, neamhaird a thabhairt ar an gcóiríocht atá ag an iarratasóir faoi láthair, má chreideann an Chomhairle go bhfuil sé/sí, d'aon turas nó gan cúis mhaith, tar éis fanacht in, nó seilbh a ghlacadh, ar chóiríocht neamhoiriúnach go príomha ar mhaithe lena n-ionchais tionóntacht a fháil ón gComhairle.
- 3.6 Beidh gach leithdháileadh faoi réir Alt 6.2 anseo thíos agus beidh siad faoi réir phrionsabail na dea-bhainistíochta eastáit freisin
- 3.7 Tabharfaidh gach ainmniúchán teaghaisí atá faoi úinéireacht agus á soláthar ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta aird ar an ord tosaíochta seo freisin, a mhéid is indéanta, agus tabharfar aird ar úsáid bheartaithe na maoinne mar a shamhlaítear, go háirithe sa chás go bhfuil an chóiríocht maoinithe faoin Scéim Cúnaimh Caipitil.

4 Eisceachtaí

D'ainneoin an rud atá luaite in Alt 3 thuas, féadfaidh an Chomhairle neamhaird a thabhairt ar an ord tosaíochta a roghnaítear do theaghlach faoi scéim leithdháilte sa chás go bhfuil tacaíocht tithíochta sóisialta á cur ar fáil don teaghlach sna himthosca seo a leanas: -

- nuair a bhíothas ag freastal ar riachtanais daoine gan dídean, mar a mhínítear in Alt 2 d'Acht na dTithe, 1988, nó aon riachtanas cóiríochta eile a eascraíonn as imthosca eisceachtúla sonraithe, lena n-áirítear easáitiú mar gheall ar thine, tuile nó aon éigeandáil, forbairt, athfhorbairt nó athnuachan eile i gceantar a bhfuil an Chomhairle freagrach as/aisti nó forais eisceachtúla leighis nó atruacha
- maidir le teaghais atá ligthe ar cíós leis an teaghlach faoi chomhaontú tionóntachta Chuid 4, a mheastar atá cáilithe le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta i.e. Cóiríocht RAS/Léasaithe.

I ndáil le leithdháileadh chóiríocht RAS/Léasaithe, tabharfaidh an Chomhairle aird ar an méid ama a bhfuil forlíonadh cíosa á fháil ag teaghlach, an méid ama ar ceadáodh tacaíocht tithíochta sóisialta a chur ar fáil do theaghlach, nó meascán den dá rud; agus beidh sé faoi réir Alt 6.2 anseo thíos.

5 Forálacha Ginearálta

Baineann feidhm leis na coinníollacha speisialta seo a leanas i ndáil leis an Scéim Leithdháilte chun Teaghaisí a Ligeán ar Cíós:

- 5.1 Féadfaidh an Chomhairle, ó am go ham, de réir mar is cuí léi, líon nó céatadán ar leith teaghaisí a ainmniú a bhíonn ar fáil lena leithdháileadh le haghaidh gach ceann nó aon cheann de na cuspóirí seo a leanas:

- (a) leithdháileadh ar aicmí teaghlach ar leith, e.g. daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas etc., agus tosaíocht a thabhairt i ndáil leis na teaghaisí sin a leithdháileadh ar theaghlaigh cheadaithe sa chatagóir riachtanais ábhartha;
- (b) leithdháileadh ar theaghlaigh atá ag aistriú ó chineálacha eile tacaíocht tithíochta sóisialta (e.g. Aonaid RAS, Aonaid Tithíochta Deonacha) agus aonaid léasaithe;
- (c) le haghaidh cineálacha áirithe tionachta, lena n-áirítear teaghais Cheannaigh Incrimintigh;
- (d) le leithdháileadh faoi Scéim Rogha Tithíochta (CBL).

5.2 Beidh an nós imeachta a bheidh á chur i bhfeidhm ag an gComhairle le haghaidh Scéim Ceannaigh Incrimintigh sonraithe i gCuid 3 d'Acht 2009 agus i Rialacháin Tithíochta (Ceannach Incriminteach) 2010 (I.R. Uimh. 252 de 2010).

Tá an nós imeachta atá curtha i bhfeidhm ag an gComhairle le haghaidh Scéim Ceannaigh Incrimintigh ag Tionóntaí 2016, sonraithe i gCuid 3 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014 a bunaíodh go foirmiúil ar an 01/01/2016 faoi *Rialacháin Tithíochta (Díol Tithe Údaráis Áitiúil) 2015 (I.R. 484 de 2015)*.

Ainmnítear maoin trí Ordú Príomhfheidhmeannaigh le húsáid le haghaidh Scéimeanna Ceannaigh Incrimintigh.

5.3 De réir Alt 19(4) d'Acht na dTithe, 2009, féadfaidh an Chomhairle, ó am go ham, cinneadh a dhéanamh líon nó céatadán áirithe teaghaisí a chur i leataobh as measc na dteaghaisí a bhíonn ar fáil don Chomhairle le ligean ar cíos d'aicmí teaghlach áirithe. Sa chás go bhfuil líon nó céatadán teaghaisí curtha i leataobh, tabharfar tús áit d'aicmí teaghlach sonraithe nuair a bhíonn na teaghaisí seo á ligean ar cíos.

5.4 Beidh an Chomhairle freagrach as Córas Scéim Rogha Tithíochta (CBL) a chuirfidh ar chumas teaghlach cáilithe tairbhe a bhaint as níos mó roghanna agus rannpháirtíochta nuair a bhíonn áit chónaithe nua á roghnú acu. Ní bheidh gach teaghais a bhíonn ar fáil le ligean ar cíos á tairiscint trí CBL, áfach. Go háirithe, ní bheidh teaghaisí atá ainmnithe mar chóiríocht do dhaoine scothaosta nó do dhaoine níos sine, do dhaoine atá faoi mhíchumas fisiciúil nó teaghaisí eile, a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil mar gheall ar imthosca eisceachtúla nó riachtanacha, á leithdháileadh trí CBL.

Ní leithdháilfear ach teaghaisí atá faoi úinéireacht agus á soláthar ag an gComhairle faoi Achtanna na dTithe, 1966-2014, nó Cuid V d'Acht um Pleanáil & Forbairt, 2000, agus teaghaisí atá faoi úinéireacht agus á soláthar ag Comhlachtaí Ceadaithe don Chomhairle le haghaidh cóiríochta do theaghlaigh cháilithe faoi CBL. Beidh an líon teaghaisí atá le leithdháileadh faoi CBL leithdháilte ó am go ham trí ordú Príomhfheidhmeannaigh agus déanfar an leithdháileadh de réir an Ordaithe Tosaíochta atá sonraithe in Alt 3 thuas.

Sonrófar an nós imeachta atá le cur i bhfeidhm ag an gComhairle le haghaidh *Scéim Rogha Tithíochta* in Alt 6 – 11 de Rialacháin Leithdháilte Tithíochta Sóisialta 2011. De réir Rialachán 12 (4), ní ghlacfar le diúltú do thairiscint déanta faoi CBL mar dhiúltú de réir Alt 6.1 thíos. De réir Rialachán 10(1), sa chás go ndiúltaíonn

iarratasóir do thairiscint réasúnach CBL, ní féidir leis an teaghlach tairiscint a dhéanamh ar theaghais CBL eile le haghaidh 1 bhliain eile. Ainmnítear maoin trí Ordú Príomhfheidhmeannaigh le húsáid le haghaidh Scéim Rogha Tithíochta.

- 5.5 Rogha Ceantair: Féadfaidh teaghlaigh a bhfuil a gcéad iarratas á dhéanamh acu ar leithdháileadh teaghaise nó aistriú ó chineálacha eile tacaíochta tithíochta sóisialta a rogha ceantair a shonrú i gceantar riaracháin na Comhairle más mian leo tacaíocht tithíochta sóisialta a fháil. Ní sháróidh an líon iomlán rogha ceantair atá sonraithe ar an bhFoirm Iarratais trí rogha. Féadfaidh teaghlach cáilithe fógra a chur chuig an gcomhairle más mian leis rogha ceantair amháin nó níos mó a athrú san iarratas faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:
- (a) ní cheadófar don teaghlach rogha ceantair a athrú laistigh de thréimhse 12 mhí i ndiaidh an rogha ceantair a chur in iúl don Chomhairle,
 - (b) sa chás go gcuireann teaghlach in iúl don chomhairle nach mian leis cónaí i rogha ceantair a bhí sonraithe roimhe sin níos mó, ní cheadófar don teaghlach, laistigh den tréimhse 12 mhí i ndiaidh an cinneadh sin a chur in iúl, a shainroghanna a athrú chun an rogha ceantair sin a shonrú arís, agus
 - (c) ní sháróidh an líon iomlán rogha ceantair atá sonraithe ag an teaghlach trí rogha ag am ar bith.

Fógróidh Comhairle Contae Chiarraí infhaighteacht maoin ainmnithe faoin Scéim Rogha Tithíochta. Féadfaidh iarratasóirí spéis a léiriú in aon mhaoin a fhógraítear ar CBL, in aon chuid den Chontae, beag beann ar an rogha/na roghanna ceanta(i)r sainaitheanta ina n-iarratas tithíochta.

6 Diúltú

6.1 Diúltú do Thairiscintí leithdháiltí teaghaise

- (a) Sa chás go ndiúltaíonn teaghlach cáilithe dhá thairiscint réasúnacha de theaghaisí difriúla déanta ag Comhairle Contae Chiarraí agus/nó Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta sa cheantar iarratais ábhartha in aon tréimhse leanúnach bliana, ag tosú ar dháta an chéad diúltaithe, ní bhreithneoidh Comhairle Contae Chiarraí an teaghlach sin, don tréimhse bliana a thosaíonn ar dháta an dara diúltaithe, le haghaidh leithdháileadh teaghaise de chuid na Comhairle nó le haghaidh ainmniúcháin chuig Comhlacht Ceadaithe Tithíochta, a mbaineann feidhm le halt 22 d'Acht na dTithe, 2009, i ndáil leis. Ní bheidh aon tréimhse/tréimhsí dá leithéid ináirithe ar aon bhealach chun críche cinneadh a dhéanamh maidir le tosaíocht choibhneasta an teaghlaigh sin le haghaidh leithdháileadh teaghaise.
- (b) Meastar go bhfuil tairiscint ar leithdháileadh teaghaise ón gComhairle, nó ó Chomhlacht Ceadaithe Tithíochta, réasúnach sa chás, i dtuairim na Comhairle, go mbeadh an chóiríocht atá á tairiscint, ag freastal ar riachtanais agus ar cheanglais chóiríochta an teaghlaigh agus go bhfuil an teaghais suite i rogha ceantair atá sonraithe ag an teaghlach. Is í an t-aon eisceacht atá i gceist nuair a dhéanann an Chomhairle tairiscint mar gheall ar imthosca eisceachtúla sonraithe, lena n-áirítear easáitiú mar gheall ar thine, tuile nó éigeandáil eile, forbairt, athfhorbairt nó

athnuachan ceantair nó ar fhorais eisceachtúla agus atruacha. Sna himthosca seo, ní thairgeann an Chomhairle cóiríocht don teaghlach ina rogha ceantair a chiallaíonn nach féidir glacadh leis mar thairiscint réasúnach.

- (c) Caithfear le diúltú do thairiscintí cóiríochta faoi RAS agus/nó Léas ó Chomhairle Contae Chiarraí nó Comhlacht Ceadaithe Tithíochta mar dhiúltú do thairiscint cóiríochta.
- (d) Cuirfear na tairiscintí ar chóiríocht san áireamh i gceantar cur chun feidhme, rud a chiallaíonn go gcuirfear diúltú iarratasóra i ngach ceantar san áireamh áit a bhfuil rogha ceantair sonraithe.
- (e) Próiseálfar Diúltuithe agus achomhairc maidir leo de réir bheartas na Comhairle maidir le Diúltú do Thairiscintí Tionóntachta mar seo a leanas: -
 - 1) Ní mór don iarratasóir/do na hiarratasóirí na cúiseanna a bhfuil tairiscint ar chóiríocht tithíochta sóisialta á diúltú a chur in iúl i scríbhinn.
 - 2) Ansin seoltar an cinneadh diúltaithe atá déanta ag an iarratasóir/ag na hiarratasóirí ar aghaidh chuig an Oifigeach Imscrúduithe Tithíochta chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an Diúltú Réasúnach nó Diúltú Neamhréasúnach atá ann. Is é/iad an comhalta/na comhaltaí foirne ainmnithe a dhéanann an cinneadh deiridh agus ina dhiaidh sin cuirtear an cinneadh in iúl don iarratasóir i scríbhinn.
 - 3) Tugtar ceart achomhairc don iarratasóir (laistigh de 14 lá). Féadfaidh an Stiúrthóir Seirbhísí breithniúchán achomhairc a tharmligean chuig an gcomhalta/na comhaltaí foirne cuí sa Chomhairle. Ní bheidh an tOifigeach a dhéanann scrúdú ar an achomharc páirteach sa bhreithniú a rinneadh ba chúis le glacadh leis go raibh an chéad diúltú míréasúnach. Ní mór achomharc a dhéanamh i scríbhinn agus na forais don achomharc a shonrú ina n-iomláine.
 - 4) Beidh cinneadh an Oifigigh a scrúdaigh an t-achomharc críochnaitheach.

6.2 An Chomhairle ag Diúltú do Leithdháileadh

D'ainneoin aon ní atá le fáil in Achtanna na dTithe, 1966 - 2009, nó i Scéim Leithdháilte a rinneadh faoi alt 22 d'Acht 2009, féadfaidh an Chomhairle úsáid a bhaint as a ceart faoi Alt 14(1) (arna leasú) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997, diúltú do leithdháileadh, nó iarchur chun teaghais a leithdháileadh in aon cheann de na himthosca seo a leanas: -

Sa chás go mbreithnítear go bhfuil an méid seo a leanas i gceist leis an iarratasóir agus/nó baill de theaghlach an iarratasóra: -

- (a) Tá nó bhí sé/sí páirteach in iompar frithshóisialta, nó ní bheadh leithdháileadh don teaghlach is iarratasóir sin ar mhaithe le dea-bhainistíocht eastáit.
- (b) Tá sé/sí díbeartha as aon chóiríocht a bhfuil tithíocht shóisialta ag tacú léi in aon dlínse.
- (c) Ghlac sé/sí seilbh go mídhleathach ar aon chóiríocht a bhfuil tithíocht shóisialta ag tacú léi in aon dlínse.

- (d) D'fhág sé/sí aon chóiríocht a bhfuil tithíocht shóisialta ag tacú léi in aon dlínse gan cíós údaráis áitiúil a íoc i ndáil leis an tionóntacht. In imthosca mar sin, féadfar breithniú a dhéanamh ar, lena n-áirítear aon iarratasóir dá leithéid, bunaithe ar gach riaráiste a íoc go hiomlán nó i ndiaidh cloí le socrú sásúil le haghaidh tréimhse réasúnta ama.
- (e) D'fhág sé/sí aon chóiríocht a bhfuil tithíocht shóisialta ag tacú léi roimhe seo agus níor thug sé/sí aire cheart don teaghais.
- (f) Tá sé/sí ag suiteoireacht nó bhí sé/sí ag suiteoireacht roimhe seo in aon chóiríocht a bhfuil tithíocht shóisialta ag tacú léi in aon dlínse.
- (g) Rinne sé/sí bagairtí/iompar foréigneach nó ghlac sé/sí páirt in aon chineál eile d'iompar frithshóisialta i gcoinne comhalta nó comhaltaí d'údaráis áitiúil a bhí ag iarraidh a gcuid dualgas a chur i gcrích
- (h) Níl cur síos cruinn déanta ar imthosca an teaghlaigh ar mhaithe le tosaíocht a fháil, tosaíocht nach mbeadh á fáil dá mbeadh cur síos cruinn déanta ar imthosca an teaghlaigh.
- (i) Diúltaíonn sé/sí páirt a ghlacadh sa phróiseas measúnaithe trí dhiúltú aon fhaisnéis a nochtadh a lorgaíonn an Chomhairle ar an bhfoirm iarratais, nó ina dhiaidh sin ar an teileafón nó i rith agallaimh, agus atá riachtanach chun críche an iarratais a mheas nó chun críche bainistíochta eastáit.
- (j) Soláthraíonn sé/sí faisnéis fhalsa nó mhíthreorach ar an bhfoirm iarratais nó i rith agallamh a reáchtáiltear ina dhiaidh sin. Foráiltear le hAlt 32 d'Acht na dTithe, 2009, gur cion é faisnéis fhalsa nó mhíthreorach a chur ar fáil, cion atá ionchúisithe faoin dlí.
- (k) Sa chás go mbeadh a leithéid de leithdháileadh contrártha le dea-bhainistíocht eastáit.
- (l) Sa chás go bhfuil Fógra Tréigin seirbheáilte ar theach atá áitithe ag an iarratasóir agus/nó baill den teaghlach is iarratasóir
- (m) Sa chás go mbeadh róphlódú iomarcach mar thoradh ar an leithdháileadh
- (n) Aon imthosca eile atá luaite i Straitéis um Iompar Frithshóisialta a bhfuil Glactha ag Comhairle Contae Chiarraí léi.

7 Aistrithe Tionóntaí

- 7.1 Go hiondúil, ní bhreithneofar tionóntaí na Comhairle, lena n-áirítear tionóntaí teaghaisí a cuireadh ar fáil faoin Tionscnamh Léasaithe Tithíochta Sóisialta, RAS, Aistrithe HAP, nó trí Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, le haghaidh aistrithe ach amháin sna himthosca seo a leanas:
- (a) Róphlódú
 - (b) Sa chás gur mian le daoine níos sine agus teaghlaigh bheaga eile cóiríocht teaghlaigh a fhágáil agus bogadh chuig cóiríocht níos lú (laghdú méide)
 - (c) Cúiseanna eisceachtúla Leighis agus atruacha.
 - (d) Le cois na bhforas thuasluaite le haghaidh aistrithe, is faoi lánrogha an Údaráis Áitiúil atá an cinneadh iarratas aistrithe a cheadú/a dhiúltú bunaithe ar fhorais eisceachtúla.
- 7.2 Ní mór do thionóntaí ar mian leo aistriú na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh chun sástachta na Comhairle –
- (a) Cuntas glan cíosa le haghaidh 6 mhí ar a laghad – cuirfear san áireamh in aon aistriú an riaráiste cíosa, ach d'fhéadfaí breathnú go fabhrach ar iarratas sa chás go bhfuil comhaontú bunaithe cheana féin, agus go bhfuil an tionónta ag cloí leis

ar mhaithe le déileáil le haon riaráiste dá leithéid thar thréimhse ama comhaontaithe.

- (b) Táillí seirbhíse agus aon mhuirir eile íoctha
- (c) An teaghais a choinneáil in ord sásúil, faoi réir iniúchta,
- (d) Coinníollacha uile an Chomhaontaithe Tionóntachta a chomhlíonadh
- (e) Seiceáil Imréitigh an Gharda Síochána a phasáil go sásúil
- (f) A bheith ainmnithe mar thionóntaí na teaghaise reatha le haghaidh dhá bhliain ar a laghad
- (g) Dea-Bhainistíocht Eastáit

I gcás éigeandála nó bunaithe ar fhorais eisceachtúla leighis/atruacha, féadfaidh an Chomhairle neamhaird a thabhairt ar na coinníollacha thuasluaite ar fad nó ar roinnt de na coinníollacha thuasluaite nuair a bhíonn aistriú tionóntachta á cheadú.

- 7.3 D'fhéadfaí tús áite a thabhairt do theaghlach a bhfuil tacaíocht tithíochta sóisialta á fáil aige i maoin nach bhfuil faoi úinéireacht na Comhairle agus sa chás nach bhfuil an teach ar fáil dó níos mó gan aon locht a bheith air féin/gan tionchar a bheith ag gníomh a rinne an teaghlach, i.e. socruithe infhaighteachta cóiríochta cíosa, comhaontuithe infhaighteachta, tionscnaimh léasaithe fadtéarmacha etc.
- 7.4 Tionóntaí a aistríodh chuig RAS sular tugadh isteach Rialacháin um Measúnú Tithíochta Sóisialta, 2011, ar an 01 Aibreán 2011, agus a bhí cáilithe cheana féin mar iarratasóirí tithíochta, tabharfar creidmheas dóibh le haghaidh na tréimhse ó bhí siad cáilithe chun iarratas a dhéanamh aistriú chuig foirm eile de thacaíocht tithíochta sóisialta. Déanfar leithdháiltí le haghaidh tionóntaí dá leithéid de réir an Ordaithe Tosaíochta ag féachaint d'Alt 3 thuas.
- 7.5 Beidh faighteoirí HAP ar mian leo é sin a dhéanamh in ann tacaíochtaí tithíochta sóisialta eile a rochtain, ní tríd an gcóras reatha liosta feithimh, ach tríd an gcóras aistrithe a bhfuil Comhairle Contae Chiarraí freagrach as. Cuirfear an faighteoir HAP san áireamh ar an liosta aistrithe nuair a chuirtear tús le tionóntacht HAP, más é sin atá uaidh/uaithi. Áireofar sa liosta aistrithe sonraí maidir leis an méid ama a chaith an faighteoir ar an liosta feithimh roimhe seo. Dá réir sin, áireofar an faighteoir HAP ar an liosta aistrithe ar théarmaí nach mbeidh níos neamhfhábhraí ná na téarmaí a bheadh i gceist dá bhfanadh sé/sí ar an liosta feithimh.

Beidh feidhm leis an mBeartas Diúltaithe i ndáil le hiarratasóirí ar Aistriú freisin.

8 Aistrithe Idirchontae Tionóntaí Reatha Údaráis Áitiúil

Féadfar aistrithe idir tionóntaí na Comhairle agus tionóntaí Údaráis Áitiúil eile a cheadú ar an gcoinníoll go bhfuil na coinníollacha comhaontaithe idir an dá údarás le haghaidh aistrithe dá leithéid á gcomhlíonadh. Ní bhreithneofar iarratais ar thoilíú den sórt sin sa chás go bhfuil ceachtar tionónta ag lorg ceantair nó cineál teaghaise ar aistríodh nó ar idir-aistríodh é/sí uaidh/uaithi roimhe seo. Tabharfaidh an Chomhairle aird ar, nuair a bheidh iarratais ar aistriú idirchontae ó thionóntaí á mbreithniú, go ginearálta, ar na ceanglais atá sonraithe i Alt 7 thuas.

9 Cúrsaí Réamhthionóntachta

- 9.1 Is é beartas na Comhairle go bhfreastalódh tionóntaí ionchasacha cóiríochta atá á soláthar ag an gComhairle ar Chúrsa Réamhthionóntachta sula gceadaítear tionóntacht teaghaise. Ní mór don iarratasóir agus gach ball de theaghlach an iarratasóra atá os cionn 18 mbliana d'aois freastal ar an gcúrsa. Mura ndéantar amhlaidh cealófar an tairiscint.
- 9.2 Sa chás nach gá cúrsa réamhthionóntachta a dhéanamh, is é beartas Chomhairle Contae Chiarraí go bhfreastalaíonn gach tionónta ionchasach ar chruinniú lena (h)Oifigeach Bainistíochta Tionóntachta sula sínítear an comhaontú tionóntachta.

10 Comharbas Tionóntachta

- 10.1 Sa chás go bhfaigheann duine éigin atá páirteach i gcomhthionóntacht bás, d'fhéadfaí comharbas tionóntachta a cheadú le haghaidh an tionónta mharthanaigh nó na dtionóntaí marthanacha má chomhlíonann siad an méid seo a leanas:-
- (a) Ní mór go mbeadh cuntas cíosa glan ag an tionónta le haghaidh 6 mhí ar a laghad. D'fhéadfaí tionóntaí a bhfuil riaráistí cíosa acu ach a léirigh go bhfuil iarracht dháiríre déanta acu thar thréimhse ama trí chomhaontú a chomhlíonadh, riaráistí a laghdú trí thráthchodanna rialta a íoc, a bhreithniú freisin, áfach.
 - (b) Ní mór go mbeadh gach táille seirbhíse agus táille eile íoctha go hiomlán agus cothrom le dáta i ndáil leis an maoin.
 - (c) Níor cheart go mbeadh aon imscrúdú coiriúil tromchúiseach ná aon chás coiriúil i gcoinne an tionónta nó an áititheora ar siúl faoi láthair ná níor cheart go mbeadh aon bhaint aige/aici le hiompar frithshóisialta.
- 10.2 Sa chás go bhfuil tionónta/tionóntaí cailte, go bhfuil tionóntacht tréigthe nó géillte (seachas sa chás gur éascaigh an tÚdarás Áitiúil aistriú chuig tacaíocht tithíochta sóisialta eile do thionónta(i)), féadfar an teach a thabhairt don chéad bhall eile den teaghlach/teach sin, ag féachaint do na coinníollacha seo a leanas: -
- (a) Tá sé/sí dearbhaithe mar áititheoir na teaghaise le haghaidh dhá bhliain ar a laghad. In imthosca áirithe, d'fhéadfaí an tréimhse seo a laghdú go dtí bliain amháin de réir lánrogha na Comhairle.
 - (b) Tá sé/sí 18 mbliana d'aois nó níos sine.
 - (c) Tá an cuntas cíosa íoctha go hiomlán agus cothrom le dáta. D'fhéadfaí tionóntaí a bhfuil riaráistí cíosa acu ach a léirigh go bhfuil iarracht dháiríre déanta acu thar thréimhse ama trí chomhaontú a chomhlíonadh, riaráistí a laghdú trí thráthchodanna rialta a íoc, a bhreithniú freisin, áfach.
 - (d) Ní mór go mbeadh gach táille seirbhíse agus táille eile íoctha go hiomlán agus cothrom le dáta i ndáil leis an maoin.
 - (e) Beidh an t-iarratasóir faoi réir Alt 6.2 thuas agus beidh sé/sí faoi réir phrionsabail na dea-bhainistíochta eastáit freisin.
 - (f) Sa chás go bhfuil roinnt siblíní ina gcónaí sa mhaoin, beidh na hainmneacha ar fad luaite ar an tionóntacht.
- 10.3 In imthosca áirithe ina mbreithnítear comharbas, d'fhéadfadh an Chomhairle a cheangal go mbogfadh an teaghlach/ball teaghlaigh chuig maoin eile má bhreithnítear go bhfuil an mhaoin rómhór nó go bhfuil an mhaoin deartha nó oiriúnaithe le húsáid ag duine éigin atá faoi mhíchumas ach nach bhfuil cónaí ar an duine sin sa mhaoin níos mó. Ní bhreithneofar aon chomharbas tionóntachta sa chás go bhfuil an mhaoin ainmnithe mar Theaghais do Dhuine Níos Sine sa chás nach duine scothaosta é/í an duine a bhfuil iarratas á dhéanamh aige/aici ar chomharbas.

11 Áitíocht Mhídhleathach Teaghaisí de chuid na Comhairle

- 11.1 Cuirfidh an Chomhairle céimeanna oiriúnacha i gcrích chun áitíocht mhídhleathach teaghaisí de chuid na Comhairle a chosc. Sa chás go mbíonn áitíocht mhídhleathach i gceist, cuirfidh an Chomhairle gach beart is gá i gcrích d'fhonn a chinntiú go bhfágann na háititheoirí mídhleathacha an teaghais.
- 11.2 Sa chás go bhfuil iarratas ar thacaíocht tithíochta sóisialta déanta ag áititheoir mídhleathach, ní bhreithneofar an t-iarratas do thréimhse na háitíochta mídhleathaí móide dhá bhliain bhreise d'iompar Frithshóisialta.
- 11.3 Ní bhreithneofar leithdháileadh cóiríochta d'iarratasóir tithíochta, a bhí i mbun áitíochta mídhleathaí teaghais de chuid na Comhairle, mura ngéilltear an teaghais don Chomhairle sa riocht céanna ina raibh an teaghais roimh an áitíocht mhídhleathach agus/nó mura bhfuil na háiseanna slándála, an glantachán agus an costas a bhaineann le haon damáiste déanta don mhaoin íochta go hiomlán.

12 Iarratais ar Chomhthionóntachtaí/Tionóntachtaí Aonair

- 12.1 Sa chás go bhfuil teaghais leithdháilte ar dhuine aonair agus go ndéantar iarratas ar chomhthionóntacht, d'fhéadfaí comhthionóntacht a chruthú nuair a dhearbhaítear gur cónaitheoir é an duine ar mian leis/léi a (h)ainm a chur leis an tionóntacht le haghaidh 12 mhí ar a laghad agus go bhfuil "Straitéis um Iompar Frithshóisialta Chomhairle Contae Chiarraí" comhlíonta ag an teaghlach.
- 12.2 I gcásanna ina bhfuil comhthionóntacht bunaithe agus gur mian le duine amháin a (h)ainm a bhaint den tionóntacht, ní mór litir a chur ar fáil chun an méid sin a chur in iúl agus beidh éifeacht leis an athrú tionóntachta 12 mhí i ndiaidh an litir seo a fháil, agus is de réir lánrogha na Comhairle atá an cinneadh tionóntacht aonair a chruthú.

13 Idirscaradh Dlíthiúil

Sa chás gur ann do chomhaontú idirscartha dhlíthiúil nó treoir Cúirte eile, beidh aird ag an gComhairle ar théarmaí an chomhaontaithe/na treorach sin nuair a bhíonn cinneadh maidir leis an tionóntacht á déanamh.

14 Éarlais In-aisíochta

Sa chás go bhfuil scéim éarlaise curtha i bhfeidhm ag údarás áitiúil, nuair a fhágann an tionónta an teaghais, ar an gcoinníoll go bhfuil riocht na teaghaise sin sásúil agus go bhfuil an cuntas cíosa cothrom le dáta, aisíocfar an éarlais.

15 Athbhreithniú ar Scéim

Féadfaidh an Chomhairle, ó am go ham, an scéim leithdháilte seo a athbhreithniú agus a leasú trí leasuithe a chur i bhfeidhm ar an scéim nó scéim nua a bhunú, faoi réir cead a fháil ón gComhairle. Sula mbunaítear nó sula leasaítear scéim leithdháilte, soláthróidh an Chomhairle dréacht den scéim nó leasú ar an scéim, don Aire, a threoróidh don Chomhairle an dréachtscéim nó an dréachtleasú a leasú, agus comhlíonfaidh an Chomhairle aon treoir dá leithéid laistigh d'aon tréimhse a d'fhéadfadh an tAire a shonrú.

Beidh cóip den Scéim ar fáil, ar féidir leis an bpobal í a scrúdú, in oifigí Tithíochta na Comhairle i rith uaireanta oibre agus beidh cóip ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle freisin.

**COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ
SAMHAIN, 2021**